Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11101/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0196(NLE)**

**ECOFIN 934**
**UEM 380**
**FIN 806**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghréig an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (‘an plean téarnaimh agus athléimneachta’) a chur isteach an 27 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’)[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4] agus an 21 Eanáir 2025[5].

(2) An 14 Bealtaine 2025, rinne an Ghréig iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGréig.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghréig isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 108 mbeart.

---

2 Féach doiciméid ST 10152/21 agus ST 10152/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 15831/23 REV1 agus ST 15831/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 11858/24, ST 11858/24 COR 1, ST 11858/24 ADD 1 agus ST 11858/24 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

5 Féach doiciméid ST 17055/24, ST 17055/24 ADD 1 agus ST 17055/24 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Ghréig nach féidir ocht mbeart a bhaint amach a thuilleadh, nó nach féidir iad a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna gan choinne a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Baineann sé sin le cloch mhíle 64 faoi bheart 16851 (Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe), cloch mhíle 82 faoi bheart 16911 (Aermhodhanna le haghaidh bainistithe géarchéime) agus cloch mhíle 80 faoi bheart 16283 (Ionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); cloch mhíle 108 faoi bheart 16779 (Idir-inoibritheacht agus forbairt seirbhísí gréasáin) agus cloch mhíle 128 faoi bheart 16827 (Straitéis agus Beartais Rialachais Sonraí) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú); sprioc 182 agus cloch mhíle 182a faoi bheart 16925 (Claochlú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); cloch mhíle 213 faoi bheart 16703 (Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint) faoi chomhchuid 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac); agus sprioc 261 agus cloch mhíle 262 faoi bheart 16630 (Mórbhealach Thuaidh na Créite (B.O.A.K.)) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe de na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí raon feidhme bheart 16827 a laghdú agus go ndéanfaí beart 16283 agus sprioc eatramhach 261 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Ghréig nach féidir naoi mbeart a bhaint amach a thuilleadh, nó nach féidir iad a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a raibh coinne leis. Baineann sé sin le sprioc 35 faoi bheart 16876 (Uasghrádú fuinnimh ar fhoirgnimh na hearnála poiblí) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); clocha míle 312 agus 316 faoi bheart 16285 (Infheistíochtaí sa ghréasáin uiscithe náisiúnta trí scéimeanna comhpháirtíochta príobháidí poiblí) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); sprioc 90 faoi bheart 16818 (Bonneagar snáthoptaice i bhfoirgnimh) faoi chomhchuid 2.1 (Nascadh); spriocanna 183 agus 186 agus cloch mhíle 186a faoi bheart 16922 (Comhtháthú Sóisialta), clocha míle 174a, 179 agus 176 faoi bheart 16904 (Míchumas) agus spriocanna 177 agus 180 agus cloch mhíle 180a faoi bheart 16919 (Cosaint Leanaí) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); cloch mhíle 220 faoi bheart 16705 (Claochlú Digiteach na Bainistíochta Fioscaí agus na Maoirseachta sa Rialachas & sa Sonrascadh Leictreonach) faoi chomhchuid 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac); agus cloch mhíle 346 faoi bheart 16622 (FÍS 2020 'Séala Barr Feabhais': príomhchuideachtaí nuálacha a mhaoiniú) faoi chomhchuid 4.5 (Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe de na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí raon feidhme bhearta 16876 agus 16705 a laghdú agus go ndéanfaí spriocanna 35, 177 agus 180 agus cloch mhíle 312 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Ghréig nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh, nó nach féidir iad a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann sé sin le clocha míle 10 agus 15 faoi bheart 16871 (Gníomhaíochtaí athbheochana na gcríoch is mó a ndéantar difear dóibh (críocha an aistrithe chóir)) agus cloch mhíle 16 faoi bheart 16926 (Tacaíocht chun córais stórála a shuiteáil chun dul i bhfód foinsí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú) faoi chomhchuid 1.1 (Cumhachtú); clocha míle 51, 53 agus 54 faoi bheart 16831 (Produc-E Green) faoi chomhchuid 1.3 (Athluchtú agus athbhreoslú); sprioc 118 faoi bheart 16826 (Cláir uasghrádaithe scileanna digiteacha le haghaidh coinscríofach) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú); agus clocha míle 365 agus 366 faoi bheart 16996 (Stóráil fuinnimh a shuiteáil le haghaidh dul i bhfód foinsí fuinnimh in-athnuaite) agus clocha míle 372 agus 373 faoi bheart 16997 (Teicneolaíochtaí GSC a chur chun cinn chun dícharbónú tionscail a chothú) faoi chomhchuid 5.2 (Infheistíochtaí REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe de na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí bearta 16997 agus 16826 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Ghréig nach féidir ocht mbeart a bhaint amach a thuilleadh, nó nach féidir iad a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar shaincheisteanna dlí gan choinne. Baineann sé sin le cloch mhíle 29 faoi bheart 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú i gcur chun feidhme athchóiriú an bheartais uirbigh) agus cloch mhíle 30 faoi bheart 16894 (Pleanáil spásúlachta speisialta nua a bhunú d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, tionscal, turasóireacht agus dobharshaothrú) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); cloch mhíle 141a faoi bheart 16941 (Athstruchtúrú agus athbhrandáil na seirbhíse poiblí fostaíochta áitiúil DYPA (KPA2)) faoi chomhchuid 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn); cloch mhíle145b faoi bheart 16794 (An Córas Printíseachta a Neartú) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); sprioc 187 faoi bheart 16688 (Imeascadh an phobail dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); clocha míle 195a, 195 agus 196 faoi bheart 16291 (Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); agus cloch mhíle 271 faoi bheart 16892 (Iarnród fo-uirbeach na hAtaice Thiar a uasghrádú), agus cloch mhíle 306 faoi bheart 16599 (Digiteáil an Líonra Taidhleoireachta Eacnamaíche & an Chláir Oiliúna Onnmhaireoirí) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe a leasú agus go ndéanfaí raon feidhme na mbeart sin a laghdú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí beart 16599 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an Ghréig nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar dhúshláin theicniúla gan choinne. Baineann sé sin le cloch mhíle 171 faoi bheart 16757 (Lárionad Radaiteiripe a bhunú in Ospidéal Galar Tóracsach 'Sotiria' na hAithne) agus sprioc 156, sprioc nua 156a agus spriocanna 157 agus 158 faoi bheart 16816 (Athchóirithe agus dlús a chur le hinfheistíochtaí san Earnáil Cúraim Sláinte – Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú an chaiteachais ar chúram sláinte) faoi chomhchuid 3.3. (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); agus cloch mhíle 211a faoi bheart 16952 (An Creat Náisiúnta Frith-Éillithe a neartú trí idirghabhálacha spriocdhírithe i réimsí an bhraite, an choisc agus an ardaithe feasachta) faoi chomhchuid 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí sprioc 156 a roinnt ina dhá sprioc de bheart 16816, go ndéanfaí raon feidhme bheart 16757 a laghdú, agus go ndéanfaí cloch mhíle nua 211a a chur le beart 16952. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an Ghréig go ndearnadh 27 mbeart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann sé sin le cloch mhíle 40 faoi bheart 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgneamh) agus cloch mhíle 39 faoi bheart 16932 (Lárionad Lúthchleasaíochta Oilimpeach na hAithne) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); clocha míle 45a agus 49, agus spriocanna 52 agus 55 faoi bheart 16924 (Leictrea-shoghluaisteacht) faoi chomhchuid 1.3 (Athluchtú agus athbhreoslú); cloch mhíle 81 faoi bheart 16910 (Córas Faireacháin agus Bainistíochta) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); cloch mhíle 122 faoi bheart 16853 (Bonneagar agus Seirbhís Ríomhaireachta Néalríomhaireachta Lárnaí a sholáthar), cloch mhíle 125 faoi bheart 16955 (Uasghrádú ar bhonneagar agus seirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta um Thaighde agus um Theicneolaíoch (GRNET)), cloch mhíle 124 faoi bheart 16928 (Teicneolaíochtaí agus treochtaí nua a ionchorprú i dtreo ardseirbhísí an Riaracháin Phoiblí, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú, agus costais oibriúcháin, uasghrádaithe agus chothabhála na gcóras a laghdú), spriocanna 94 agus 95 faoi bheart 16778 (Digiteáil cartlann agus seirbhísí gaolmhara) agus cloch mhíle 99 faoi bheart 16929 (I dtreo seirbhísí atá dírithe ar 'chustaiméir' an Riaracháin Phoiblí trí phróisis a shimpliú agus a fheabhsú, feabhsuithe ar chórais agus comhlíonadh straitéisí agus beartas Eorpach) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú); cloch mhíle 131 agus cloch mhíle nua 131a faoi bheart 16706 (Claochlú Digiteach FBManna) agus cloch mhíle 132 faoi bheart 16973 (Éiceachóras gnó digiteach a bhunú agus dreasachtaí cánach a thabhairt isteach chun claochlú digiteach FBManna a éascú) faoi chomhchuid 2.3 (Digiteáil gnólachtaí);

cloch mhíle 146 faoi bheart 16792 (Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an luchta saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú ar an nGairmoideachas & Gairmoiliúint)), cloch mhíle 150 faoi bheart 16289 (Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht) agus cloch mhíle 152 faoi bheart 16934 (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); cloch mhíle 161 agus sprioc 166 faoi bheart 16755 (Athchóiriú ar an gCóras Cúraim Sláinte Phríomhúil), cloch mhíle 165 faoi bheart 16783 (Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta Sláinte Phoiblí um Chosc 'Spiros Doxiadis' (NPP 'SD')) agus clocha míle 335 agus 336 faoi bheart 16984 (Athchóiriú ar dhochtúirí pearsanta) faoi chomhchuid 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); clocha míle 175 agus 175a faoi bheart 16726 (Barrfheabhsú Sochar Sóisialta) agus sprioc 184 faoi bheart 16685 (Feasacht ar an Éagsúlacht) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); sprioc 189 faoi bheart 16614 (Scipéid airgid ar líne & POS ) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); spriocanna 342 agus 344 agus clocha míle 343 agus 345 faoi bheart 16986 (An cadastar náisiúnta a thabhairt i gcrích) agus cloch mhíle 216 faoi bheart 16711 (Gairmiúlú réimse an tSoláthair Phoiblí) faoi chomhchuid 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac);

cloch mhíle 243 faoi bheart 16581 (Maoirseacht fheabhsaithe ar an margadh caipitil agus iontaofacht fheabhsaithe) agus clocha míle 244b agus 244c faoi bhearta 16957 (Cumas an chórais airgeadais a neartú chun dúshláin oidhreachta a shárú agus chun an fíorgheilleagar a mhaoiniú) faoi chomhchuid 4.4 (An earnáil airgeadais agus na margaí caipitil a neartú); clocha míle 268, 268a, 268b agus 268c faoi bheart 16982 (Athchóiriú eagraíochtúil in earnáil na n-iarnród) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú); cloch mhíle 355 faoi bheart 16988 (Creat rialála agus oibríochta margaidh le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin chun dícharbónú tionscail a chothú) faoi chomhchuid 5.1 (Athchóirithe REPowerEU); agus spriocanna 368 agus 369 faoi bheart 16994 (Éifeachtúlacht Fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite (RES) a chur chun cinn le haghaidh uath-ídiú) faoi chomhchuid 5.2 (Infheistíochtaí REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe de na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme chlocha míle 175 agus 355, go ndéanfaí spriocanna 55 agus 94 agus clocha míle 49 agus 161 a bhaint agus go ndéanfaí cloch mhíle 345 a bhaint trína cur chun feidhme a chur chun cinn agus trína cumasc le cloch mhíle 343. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Mhínigh an Ghréig go ndearnadh 33 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach san am céanna. Baineann sé seo le sprioc 8 faoi bheart 16865 (Athstruchtúrú agus feabhsú ioncaim an Chuntais CTÉ RES) agus cloch mhíle 2 faoi bheart 16870 (Idirghabhálacha le haghaidh idirnascadh leictreachais na n-oileán agus uasghrádú an ghréasáin leictreachais) faoi chomhchuid 1.1 (Cumhachtú); an tuairisc ar bheart 16875 (Forbairt bonneagair agus athchóiriú foirgneamh in iar-eastát ríoga in Tatoi) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); clocha míle 72 agus 73 faoi bheart 16846 (Bonneagair Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce), clocha míle 62a agus 63 faoi bheart 16849 (An Plean Athfhoraoisithe Náisiúnta, bearta athchóirithe agus bearta cosanta (‘antiNERO’), bearta i gcoinne creimthe agus bearta i coinne tuilte), clocha míle 71 agus 74 faoi bheart 16850 (Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil) agus cloch mhíle 332 faoi bheart 16983 (Réamhiniúchadh ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); cloch mhíle 119 faoi bheart 16736 (Córas nua um Sholáthar Poiblí), cloch mhíle 113 faoi bheart 16738 (An Córas Lárnach Bainistithe Doiciméad), cloch mhíle 110 faoi bheart 16780 (Tuilleadh Nuachóirithe ar Ionaid Ilfhreastail an Riaracháin Phoiblí), cloch mhíle 98 faoi bheart 16782 (Idirnascadh agus idir-inoibritheacht clárlann, córas agus seirbhísí le haghaidh malartú sonraí idir eagraíochtaí poiblí náisiúnta), cloch mhíle 123 faoi bheart 16854 (Cathracha Cliste) agus cloch mhíle 111 faoi bheart 16965 (Staidéir um Aicmiú Sonraí le haghaidh Chórais Faisnéise na hEarnála Poiblí) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú); cloch mhíle 163 faoi bheart 16756 (Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte) faoi chomhchuid 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chórais sláinte a fheabhsú);

cloch mhíle 194 faoi bheart 16611 (Claochlú digiteach iniúchtaí cánach) agus clocha míle 204 agus 204a faoi bheart 16643 (Reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); cloch mhíle 212 faoi bheart 16702 (An creat SA/MSC a fheabhsú), cloch mhíle 208 faoi bheart 16972 (An Riarachán Poiblí a Athchóiriú) agus cloch mhíle 219 faoi bheart 16974 (Athchóiriú Cuntasaíochta) faoi chomhchuid 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac); cloch mhíle 237 faoi bheart 16292 (Foirgnimh Bhreithiúnacha Nua agus athchóirithe), clocha míle 236 agus 238 faoi bheart 16575 (Dlús a chur le riar an cheartais) agus cloch mhíle 235 faoi bheart 16733 (Scileanna agus scileanna digiteacha do bhreithiúna agus d'fhostaithe breithiúnacha (foireann bhreithiúnach)) faoi chomhchuid 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais ceartais); clocha míle 247 agus 247a faoi bheart 16624 (Cruthú–Leathnú–Uasghrádú Bonneagar Lárionad Taighde faoi mhaoirseacht na hArdrúnaíochta um Thaighde agus Nuálaíocht (GSRI)) faoi chomhchuid 4.5 (Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn); clocha míle 272 agus 272a faoi bheart 16949 (Droichid Chliste), cloch mhíle 285 faoi bheart 16725 (Uasghrádú ar an ardoideachas ealaíon), cloch mhíle 277 faoi bheart 16786 (Simpliú Nósanna Imeachta na hAireachta Bonneagair & Iompair), clocha míle 295 agus 297 faoi bheart 16931 (Forbairt na Turasóireachta), cloch mhíle 314 faoi bheart 16626 (Claochlú eacnamaíoch na hEarnála Talmhaíochta), cloch mhíle 315 faoi bheart 16584 (Tograí le haghaidh gníomhaíochtaí san Earnáil Dobharshaothraithe) agus clocha míle 255 agus 256 faoi bheart 16628 (Mórbhealach na Gréige Láir E-65: Roinn Trikala-Egnatia) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú);

agus cloch mhíle 356 faoi bheart 16990 (Acmhainneacht eangaí agus stórála – infheistíochtaí stórála a chothú), cloch mhíle 361 faoi bheart 16992 (Tacar uirlisí chun comhroinnt fuinnimh, féintomhaltas agus Comhphobail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn) agus cloch mhíle 363 faoi bheart 16993 (Treochlár le haghaidh idirghabhálacha nuálacha éifeachtúlachta fuinnimh agus ionstraim airgeadais nua a shainaithint) faoi chomhchuid 5.1 (Athchóirithe REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí ceanglais áirithe de na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí beart 16965 a bhaint agus go ndéanfaí é a chumasc le beart 16827 agus go ndéanfaí clocha míle 2, 71, 72 agus 255 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Tar éis bearta a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Ghréig go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh trí bhearta áirithe a bhaint agus trí leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun leibhéal cur chun feidhme 14 bheart eile a mhéadú. Baineann sé sin le spriocanna 24, 25 agus 26 faoi bheart 16872 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe) faoi chomhchuid 1.2 (Athchóiriú); cloch mhíle 84 faoi bheart 16909 (Bonneagar – Ionad Náisiúnta Bainistithe Riosca Tubaiste straitéiseach a bhunú) faoi chomhchuid 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); cloch mhíle 109 faoi bheart 16810 (Bainistíocht caidrimh le custaiméirí don Rialtas Ginearálta) faoi chomhchuid 2.2 (Nuachóiriú); clocha míle 136 agus 137 agus cloch mhíle nua 134a faoi bheart 16750 (Claochlú Digiteach na gCóras Saothair) agus sprioc 144 agus cloch mhíle 144a faoi bheart 16747 (Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha Mhargaidh an Saothair) faoi chomhchuid 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn); cloch mhíle 148b faoi bheart 16676 (Claochlú digiteach an Oideachais) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); clocha míle 167, 168 agus 173 faoi bheart 16752 (Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)) faoi chomhchuid 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chórais sláinte a fheabhsú);

cloch mhíle 185 faoi bheart 16763 (Claochlú Digiteach an Chórais Imirce agus Tearmainn) agus clocha míle 181 agus 181a faoi bheart 16402 (Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne) faoi chomhchuid 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); clocha míle 258 agus 259 faoi bheart 16631 (Uasghrádú Sábháilteachta ar Bhóithre), garsprioc 274 faoi bheart 16959 (Claochlú Digiteach Eagraíocht na mBóthar Iarainn Heilléanach), cloch mhíle 275 faoi bheart 16960 (Bonneagar Cliste lena mbaineann fócas comhshaoil agus cultúrtha) agus clocha míle 293 agus 298 faoi bheart 16975 (Idirghabhálacha do Chalafoirt Réigiúnacha a Uasghrádú) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú) agus cloch mhíle 370 agus sprioc 371 faoi bheart 16995 (Tionscadail Phíolótacha le haghaidh Táirgeadh Bithmheatáin agus Hidrigine In-athnuaite) faoi chomhchuid 5.2 (Infheistíochtaí REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme na mbeart sin a mhéadú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí spriocanna 24 agus 293 agus clocha míle 136 agus 137 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(12) Mhínigh an Ghréig nach féidir clocha míle 347, 348, 349, agus 350 faoi bheart 16999 (Athchóiriú Inrochtaineachta tar éis éifeachtaí tubaisteacha na stoirme 'DANIEL') faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar chostas an athchóirithe i ndiaidh tubaiste nádúrtha a bheith níos airde ná mar a raibh coinne leis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí raon feidhme an bhirt a laghdú. Thairis sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí clocha míle eatramhacha 347 agus 348 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(13) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGréig, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(14) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ghréig i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(15) Sainaithníodh ceithre earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do chúig chloch mhíle agus do cheithre bheart faoi cheithre chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, ar earráidí iad nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghréig. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 140 de bheart 16913 (Straitéis Nua maidir le Scileanna ar Feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Athscilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú) faoi chomhchuid 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); clocha míle 339 agus 340 de bheart 16985 (Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige) faoi chomhchuid 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); cloch mhíle 269 agus an tuairisc ar bheart 16833 (Oibreacha ceartúcháin EASA maidir le comhlíonadh a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 4.6 (Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú); agus cloch mhíle 319 agus an tuairisc ar bheart 16543 (Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus a cáilíocht agus a sábháilteacht a uasghrádú) faoi chomhchuid 4.7 (Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus trádáil a chur chun cinn). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(16) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(17) Measann an Coimisiún, leis na leasuithe arna gcur chun cinn ag an nGréig, nach ndéantar difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(19) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoraíocht theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[7].

---

[6] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

[7] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(20) Thíolaic an Ghréig measúnú ar an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ le haghaidh gach beart nua agus gach beart a ndearnadh athbhreithniú air ar bhealach substaintiúil den phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe. Léiríonn an fhaisnéis a cuireadh ar fáil go meastar go n-áiritheoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta go gcomhlíonfar an prionsabal sin. Leis an bhfaisnéis a chuir an Ghréig ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá inti 38,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 81,6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(22) Coinnítear ar bun sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe bearta lena dtacaítear leis an aistriú glas a rannchuidíonn le spriocanna 2030–2050 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrachta faoi 2050 a bhaint amach, agus cothaítear an bhithéagsúlacht leis freisin. Mar shampla, tá méadú suntasach tagtha ar uaillmhian bheart 16924 sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, ós rud é go ndearnadh an sprioc maidir le busanna leictreacha don iompar poiblí a mhéadú ó 220 go 425.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(24) Cuireann na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú digiteach i gcónaí nó leanann siad de bheith ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara agus le haghaidh a thabhairt ar bhealach dearfach ar easnaimh na Gréige sa réimse digiteach, mar a shainaithnítear i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití, an dara tuarascáil dá leithéid. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá aghaidh á tabhairt go mór i gcónaí ar na dúshláin maidir leis an aistriú digiteach atá ag an nGréig i réimsí na nascachta, na seirbhísí poiblí digiteacha, an chaipitil dhaonna agus na scileanna digiteacha, i ndigiteáil gnólachtaí agus i nglacadh na hardteicneolaíochta digití.

*Costáil*

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(26) Chuir an Ghréig faisnéis agus fianaise leordhóthanach ar fáil nach raibh na costais mheasta cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe ón Aontas. I líon teoranta cásanna, áfach, níorbh fhéidir bunús leordhóthanach a thabhairt le meastacháin ar na costais. Ar an iomlán, éilíonn sé sin rátáil B faoi chritéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], mheas an Ghréig gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, mheas an Ghréig nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le bheith san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe mar gheall go dtéann a n-amlíne thar 2026.

***Measúnú dearfach***

(28) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[8] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Ranníocaíocht airgeadais*

(29) Is é EUR 36 371 226 245 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasuithe na Gréige. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghréig, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige a bheith comhionann le EUR 18 220 378 076. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ghréig.

*Iasachtaí*

(30) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Ghréig dar luach EUR 17 727 538 920.

(31) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[9] Rialachán (AE) 2021/1755ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gréige a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*